Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8797/20**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0120(NLE)**

**ICAO 15**
**AVIATION 127**
**RELEX 446**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 247 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TOGRADH LE hAGHAIDH CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE **maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a bhaineann le paindéim COVID-19** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 247 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2020) 247 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2020
COM(2020) 247 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**TOGRADH LE hAGHAIDH CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a bhaineann le paindéim COVID-19**

# IARSCRÍBHINN

## An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le fógra a thabhairt don Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta faoi dhifríochtaí a bhaineann le COVID-19

### 1. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH

Is é seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais mar fhreagra ar litir Stáit AN 11/55-20/50 arna heisiúint ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta an 3 Aibreán 2020 go dtabharfar fógra faoi dhifríocht i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago de dheasca bearta sealadacha a bhaineann le paindéim COVID-19 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo maille le tuilleadh mionsonraithe ó gach Ballstát a thugann fógra i gcomhréir lena dhíolúine aonair arna cur i bhfeidhm de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139.

### 2. MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE

Tá na difríochtaí atá le comhdú ar fáil sa tábla seo a leanas agus tá siad mionsonraithe a thuilleadh ag gach Ballstát a thugann fógra i gcomhréir lena dhíolúine aonair arna cur i bhfeidhm de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139:

**Foirm Fhógra um Dhifríochtaí Sealadacha COVID-19**

**Ag tagairt do Litir Stáit AN/11/55-20/50, tá fochóras CCRD curtha ar bun, mar chuid den chóras atá ann faoi láthair le haghaidh Chomhdú Leictreonach na nDifríochtaí (EFOD), chun aon difríochtaí a léiriú i ndáil le Caighdeáin Deimhniúcháin agus Ceadúnúcháin ICAO a d'fhéadfadh teacht chun cinn de dheasca bearta maolaithe mar thoradh ar scaipeadh COVID-19.**

**An méid atá i gceist**

Aithnítear go bhféadfaidh gur gá do na Stáit cuir chuige solúbtha a ghlacadh chun cur ar a gcumas do sholáthraithe seirbhísí agus do phearsanra bailíocht a ndeimhnithe, a gceadúnas agus a bhformheasanna eile a choinneáil mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Cuireann an fhoirm seo ar chumas an Stáit na difríochtaí sealadacha sin a shainaithint.

**An fáth atá leis**

Tá gá leis sin chun tacú leis na Stáit a gcuid oibleagáidí faoi Airteagail 38, 39 agus 40 den Choinbhinsiún a chomhlíonadh, chun oibríochtaí idirnáisiúnta a dhéanamh i gcás ina mbeidh na deimhnithe agus na ceadúnais éagsúil ó na híoschaighdeáin sna hIarscríbhinní. Leis seo freisin, is féidir faisnéis a chomhroinnt i dtaobh an aithneoidh Stáit eile difríochtaí a dtugtar fógra fúthu nó an nglacfaidh siad leo le linn na tréimhse seo.

**An tráth**

Beidh feidhm ag na bearta sealadacha seo go dtí an 31 Márta 2021. Tá an dáta seo faoi réir a athbhreithnithe.

**Na rannpháirtithe**

Is féidir le haon duine an fhoirm a líonadh isteach. Mar sin féin, ní cheadófar ach don chomhordaitheoir faireacháin leanúnach náisiúnta nó d'úsáideoir údaraithe eile ón Ballstát í a chur isteach, agus beidh na daoine sin freagrach as cruinneas na faisnéise a sholáthraítear a áirithiú.

**An chaoi a ndéantar é**

Liostaítear san fhoirm seo na caighdeáin a bhaineann go sonrach le deimhniú agus ceadúnú pearsanra a bhféadfadh Stáit a mheas gur gá imeacht uathu. Tá tagairt shonrach don Iarscríbhinn agus don Chaighdeán lena mbaineann i gcolúin 1 agus 2 anseo thíos. Seo a leanas an fhaisnéis a theastaíonn i ngach colún ina dhiaidh sin:

**Colún 3: Sonraí na Difríochta**.

Déan achoimre ar an difríocht ó na caighdeáin deimhniúcháin agus ceadúnúcháin. Déan tagairt do na doiciméid rialála i gcás inarb iomchuí.

| Iarscríbhinn agus Uimhir Thagartha | Cineálach / Bearta laghdúcháin / Caighdeán nó cleachtas molta na hIarscríbhinne | Sonraí na Difríochta | Nótaí - Iena n-áireofar: a. Réasúnaíocht b. Coinníollacha/Maoluithe |
|---|---|---|---|

**Colún 4: Nótaí**.

Tabhair do réasúnaíocht le haghaidh na ndifríochtaí sin agus cuir sonraí ar fáil faoi aon choinníollacha agus maoluithe i gcás inar gá.

**Colún 5: Difríochtaí Stáit eile a aithint**.

Sonraigh an aithneoidh do Stát bailíocht na ndeimhnithe agus na gceadúnas ó Stáit eile nó an nglacfaidh sé leo, ar bhonn na ndifríochtaí sealadacha a chuireann siad isteach trí CCRD. Ar mhaithe leis an tsimplíocht féadfar é sin a chur in iúl mar eisiamh (na difríochtaí sealadacha nach nglacfar leo ó na Stáit eile ) seachas na cinn a nglacfar leo a liostú.

**Cuir isteach an fhoirm seo trí ríomhphost chuigops@icao.int.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn 1<br><br>1.2.4.4.1 | 1.2.4.4.1 Féadfar síneadh suas le 45 lá a chur le tréimhse bhailíochta an Deimhnithe Leighis, faoi dhiscréid an Údaráis Cheadúnúchán.<br><br>*Nóta.- Moltar dáta éaga an Mheasúnaithe Leighis a bheith ar an lá féilire céanna bliain i ndiaidh bliana trí ligean do dháta éaga an Mheasúnaithe Leighis reatha a bheith mar thús na tréimhse bailíochta nua ar chuntar go ndéanfar an scrúdú leighis le linn tréimhse bhailíochta an Mheasúnaithe Leighis reatha ach 45 lá ar a mhéad roimh an dáta éaga.* | Tá síneadh 4 mhí curtha le tréimhse bhailíochta na ndeimhnithe leighis d'aicmí 1 agus 3 a eisíonn [an Stát]. | a) Réasúnaíocht<br>Sealbhóirí deimhnithe leighis d'Aicme 1 agus Aicme 3 a bhfuil orthu dul faoi scrúdú leighis tréimhsiúil chun a ndeimhnithe leighis a athbhailíochtú le gur féidir leo a gcuid pribhléidí ceadúnais nó deimhnithe a fheidhmiú agus mura bhfuil siad in ann scrúdaitheoir aerleighis nó ionad aerleighis a shroicheadh nó a rochtain in am chun an scrúdú leighis is gá a dhéanamh. Ina theannta sin, i roinnt cásanna rinneadh scrúdaitheoirí leighis a athshannadh chun tacaíocht a thabhairt le linn ráig COVID-19 ina gcuid Stáit. Mar thoradh air sin rachadh na deimhnithe sin in éag.<br><br>b) Coinníollacha/maoluithe<br>Ceanglaíonn [an Stát] ar shealbhóirí deimhnithe leighis d'Aicme 1 agus Aicme 3 a thairbhíonn ón mbeart laghdúcháin sin, deimhniú leighis bailí gan srianta a bheith acu, seachas srianta a bhaineann le radharc na súl, sula gcuirtear an beart laghdúcháin i bhfeidhm. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a chur isteach.Maidir leis na deimhnithe agus na ceadúnais arna n-eisiúint ag na Ballstáit, aithnítear na difríochtaí go huathoibríoch ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139.<br><br>Na deimhnithe agus na ceadúnais sin a n-imríonn na bearta sealadacha speisialta tionchar orthu (a bhaineann le COVID-19) arna n-eisiúint ag Stáit nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, tá feidhm maidir lena mbailíocht a aithint agus maidir le glacadh lena mbailíocht ag Rialachán 452/2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha1.<br><br>.<br><br>. |

[1] Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2016/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 133, 6.5. 2014

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| Iarscríbhinn 1<br><br>1.2.5.1.2 | 1.2.5.1.2 Tar éis do Stát Conarthach ceadúnas a eisiúint, áiritheoidh sé gur féidir Stáit Chonarthacha eile a shásamh maidir le bailíocht an cheadúnais.<br><br>*Nóta 1. - Go dtí an 2 Samhain 2022, féadfar leanúnachas inniúlachta na bhfoirne eitilte nó na mball foirne eitilte cianda, iad siúd atá ag gabháil d'oibríochtaí aeriompair tráchtála, a bhunú go sásúil trí léiriú scile le linn seiceálacha inniúlachta eitilte a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn 6.*<br><br>Nóta 1. - *Ón 3 Samhain 2022, féadfar leanúnachas inniúlachta na bhfoirne eitilte atá ag gabháil d'oibríochtaí aeriompair tráchtála, a bhunú go sásúil trí léiriú scile le linn seiceálacha inniúlachta eitilte a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn 6.*<br><br>*Nóta 2 - Go dtí an 2 Samhain 2022, féadfar leanúnachas inniúlachta a thaifeadadh go sásúil i dtaifid an oibreora, nó i logleabhar pearsanta an bhaill foirne eitilte nó ar a cheadúnas.*<br><br>Nóta 2 - *Ón 3 Samhain 2022, féadfar leanúnachas inniúlachta a thaifeadadh go sásúil i dtaifid an oibreora, nó i logleabhar pearsanta an bhaill foirne eitilte nó ar a* | Tá síneadh 4 mhí curtha le tréimhse bhailíochta na gceadúnas a eisíonn [an Stát].<br>Má tharlaíonn sé i dtreo dheireadh an tsínte, go mbeidh feidhm fós ag na cúiseanna ar deonaíodh an beart laghdúcháin, féadfar síneadh eile suas le 4 mhí a chur leis an tréimhse bhailíochta.<br>Ós rud é go gcomhlíontar an caighdeán ábhartha le tréimhse bhailíochta na rátálacha agus an fhormhuinithe (rátálacha de réir aicme, de réir cineáil agus de réir ionstraime, formhuiniú aonaid) a bhaineann leis an gceadúnas, beidh feidhm ag an síneadh ar an tréimhse bhailíochta maidir leis an méid seo a leanas:<br>1) rátálacha de réir aicme, de réir cineáil agus de réir ionstraime, arna bhformhuiniú ar cheadúnais phíolótaí tráchtála (CPL, MPL, ATPL) na bpíolótaí a oibríonn eitleáin agus héileacaptair laistigh d'oibreoir;<br>2) rátálacha de réir aicme, de réir cineáil agus de réir ionstraime, arna bhformhuiniú ar cheadúnais phíolótaí (PPL, CPL, ATPL) na bpíolótaí a oibríonn eitleáin agus héileacaptair lasmuigh d'oibreoir.<br>3) formhuinithe aonaid a eisítear | a) Réasúnaíocht<br>Sealbhóirí ceadúnas píolóta tráchtála a bhfuil ceangal orthu seiceáil inniúlachta cheadúnais a dhéanamh chun tréimhse bhailíochta a gcuid rátálacha de réir cineáil agus ionstraime a athbhailíochtú agus oiliúint thréimhsiúil agus riachtanais seiceála an oibreora is infheidhme a chomhlíonadh chun leanúint ar aghaidh lena gcuid pribhléidí a fheidhmiú, níl siad in ann ionsamhlóirí eitilte a shroicheadh ná a rochtain in am chun an oiliúint agus an tseiceáil is gá a dhéanamh. Mar thoradh air sin rachadh a gcuid rátálacha in éag.<br>Sealbhóirí ceadúnas píolóta a oibríonn lasmuigh d'oibreoir, agus a bhfuil ceangal orthu seiceáil inniúlachta a dhéanamh chun tréimhse bhailíochta a rátálacha de réir aicme, de réir cineáil nó de réir ionstraime a athbhailíochtú, níl siad in ann aerárthach nó ionsamhlóirí eitilte a shroicheadh ná a rochtain in am le go mbeidh siad in ann na heitiltí, na himeachtaí oiliúna agus seiceála is gá a dhéanamh.<br>Bíonn deacrachtaí ag sealbhóirí ceadúnas rialtóirí aerthráchta | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | *cheadúnas.*<br><br>*Nóta 3 - Go dtí an 2 Samhain 2022, féadfaidh baill foirne eitilte a mhéid a mheasann Stát an Chláraithe go bhfuil sé indéanta, a gcuid inniúlacht leanúnach a léiriú i ngléasanna oiliúna ionsamhalta eitilte (FSTDs) arna bhformheas ag an Stát sin.*<br><br>Nóta 3 - *Ón 3 Samhain 2022, féadfaidh baill foirne eitilte agus baill foirne eitilte cianda, a mhéid a mheasann Stát an Chláraithe nó Údarás Ceadúnúcháin Stáit an Oibreora go bhfuil sé indéanta, a gcuid inniúlacht leanúnach féin a léiriú i ngléasanna oiliúna ionsamhalta eitilte (FSTDs) arna bhformheas ag an Stát sin.*<br><br>*Nóta 4.— Féach* Lámhleabhar na gCritéar maidir le Cáiliú Gléasanna Ionsamhalta Eitilte *(Doic 9625).*<br><br>*Nóta 5.— Féach* Lámhleabhar na Nósanna Imeachta maidir le Bunú agus Bainistiú Chóras Ceadúnúcháin Pearsanra an Stáit *(Doic 9379) le haghaidh ábhar treorach maidir le próiseas bainistithe riosca a fhorbairt.* | ar cheadúnais rialtóra aerthráchta. | maidir le rochtain ar ghléasanna oiliúna ionsamhalta eitilte chun a gcuid oiliúint sceidealaithe thréimhsiúil / gníomhaíochtaí measúnaithe a dhéanamh.<br><br>b) Coinníollacha / maoluithe<br>Ceanglaíonn [an Stát] an méid seo a leanas:<br>1) Sealbhóirí ceadúnais a raibh ceadúnas bailí acu roimh chur i bhfeidhm an bhirt laghdúcháin agus a oibríonn laistigh d'oibreoir, beidh oiliúint athnuachana faighte acu agus measúnú déanta ina dhiaidh sin, ar bhealach a leagfaidh an t-oibreoir síos, chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal eolais is gá chun an aicme nó an cineál is infheidhme a oibriú. Beidh nósanna imeachta neamhghnácha agus éigeandála atá sonrach don aicme nó don chineál san áireamh sa mheasúnú sin.<br><br>Tar éis an oiliúint athnuachana agus an measúnú a chur i gcrích go rathúil, déanfar an dáta éaga nua a fhormhuiniú ar an gceadúnas, nó cuirfear doiciméid oifigiúil ar a mbeidh dáta éaga nua, arna eisiúint ag [an Stát], i gceangal leis an gceadúnas. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2) Sealbhóirí ceadúnais a raibh ceadúnas bailí acu roimh chur i bhfeidhm an bhirt laghdúcháin agus a oibríonn lasmuigh d'oibreoir, beidh faisnéisiú faighte acu ó theagascóir a bhfuil na pribhléidí teagaisc ábhartha aige chun an leibhéal riachtanach d'eolas teoiriciúil a athnuachan chun an aicme nó an cineál a oibriú go sábháilte agus chun na hainlithe agus na nósanna imeachta ábhartha a dhéanamh go sábháilte de réir mar is infheidhme. Beidh nósanna imeachta de réir aicme/cineál-shonracha neamhghnácha agus éigeandála san áireamh san fhaisnéisiú sin de réir mar is iomchuí.<br><br>Tar éis an faisnéisiú a chur i gcrích go rathúil, déanfar an dáta éaga nua a fhormhuiniú ar an gceadúnas, nó cuirfear doiciméid oifigiúil ar a mbeidh dáta éaga nua, arna eisiúint ag [an Stát], leis an gceadúnas.<br><br>3) I gcás ina mbeidh formhuinithe aonaid ATCO ar cheadúnais ATCO, áiritheoidh soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (ANSP) go ndéanfar maolú ar | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | neamh-infhaighteacht na ngléasanna oiliúna ionsamhalta eitilte a d'fhéadfadh a bheith ann, ar bhealach eile, e.g oiliúint ar ríomhaire nó trí oiliúint athnuachana a athsceidealú a luaithe agus is féidir. | |
| Iarscríbhinn 6 Cuid 1<br><br>9.4.1.1 | 9.4 Cáilíochtaí<br><br>*Nóta - Féach* Lámhleabhar na Nósanna Imeachta maidir le Bunú agus Bainistiú Chóras Ceadúnúcháin Pearsanra an Stáit *(Doic 9379) le haghaidh ábhar treorach ginearálta maidir le cáiliú tras-fhoirne, aerárthach de chineál éagsúla a eitilt, creidmheas a fhaightear ó aerárthach i gcatagóirí eile a eitilt.*<br><br>9.4.1 Taithí dhéanach - píolóta i gceannas agus comhphíolóta<br><br>9.4.1.1 Ní shannfaidh an t-oibreoir píolóta i gceannas nó comhphíolóta chun na rialuithe eitilte a oibriú ar chineál eitleáin nó ar athraitheach de chineál eitleáin le linn éirí de thalamh agus tuirlingthe mura bhfuil an píolóta sin tar éis na rialuithe eitilte a oibriú le linn ar a laghad trí éirí de thalamh agus trí thuirlingt in eitleán den chineál céanna laistigh de na 90 lá roimhe sin nó in | Faoi réir meastóireacht ar mheasúnú riosca, leis an mbeart laghdúcháin a sholáthróidh [an Stát] ceadófar d'oibreoirí aonair cúraimí ball foirne eitilte a shannadh do phíolótaí nach gcomhlíonann na riachtanais uile maidir le taithí dhéanach.<br>Baineann na bearta laghdúcháin leis an méid seo a leanas:<br>a) líon na n-éirithe de thalamh, na n-ascnamh agus na dtuirlingtí a laghdú; nó<br>b) síneadh a chur leis an tréimhse 90 lá; nó<br>c) an dá cheann.<br><br>Tá na beata laghdúcháin faoi réir bearta maolaithe.<br><br>Déanfar idirdhealú sna critéir a úsáidfear maidir le comhdhéanamh na foirne eitilte idir píolótaí ag a bhfuil "taithí dhéanach", píolótaí ag a bhfuil "taithí dhéanach go pointe" agus | a) Réasúnaíocht<br>De dheasca ghéarchéim COVID-19, tháinig scor/laghdú suntasach ar oibríochtaí aeriompair tráchtála agus is deacair an áit a bhfuil ionsamhlóirí eitilte oiriúnacha le fáil a bhaint amach. Mar thoradh air sin, tá cuid mhór píolótaí ann nach féidir leo na ceanglais maidir le taithí dhéanach a chomhlíonadh.<br><br>b) Coinníollacha / maoluithe<br>Ceanglaíonn [an Stát] an méid seo a leanas:<br><br>Áireofar taithí dhéanach agus cáilíochtaí gach píolóta, mar aon lena chomhtháthú sa timpeallacht oibríochta ilchriú, chun an comhdhéanamh a chinneadh don fhoireann faoi réir bearta laghdúcháin.<br><br>Ní mór don oibreoir measúnú riosca a fhorbairt chun dóchúlacht agus déine fhéideartha a | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a chur isteach.<br><br>Maidir leis na deimhnithe agus na ceadúnais arna n-eisiúint ag na Ballstáit, aithnítear na difríochtaí go huathoibríoch ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139.<br><br>Na deimhnithe agus na ceadúnais sin a n-imríonn na bearta sealadacha speisialta tionchar orthu (a bhaineann le COVID-19) arna n-eisiúint ag Stáit nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, tá feidhm maidir lena mbailíocht a aithint agus maidir le glacadh lena mbailíocht ag Rialachán 452/2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | insamhlóir eitilte arna fhormheas chun na críche sin. | píolótaí “gan taithí dhéanach”. Ciallaíonn “taithí dhéanach go pointe” píolóta a bhfuil ar a laghad dhá éirí de thalamh, dhá ascnamh agus dhá thuirlingt déanta aige le linn na 90 lá roimhe sin nó éirí amháin de thalamh, ascnamh amháin agus tuirlingt amháin déanta aige le 30 lá anuas.<br>Ina theannta sin, cuirfear taithí eitilte an phíolóta (ar an iomlán agus de réir cineáil) agus a cháilíochtaí (e.g teagascóir) san áireamh.<br><br>Beidh tréimhse an bhirt laghdúcháin teoranta don am a theastaíonn ón oibreoir chun déileáil leis an sceideal eitilte laghdaithe agus le neamh-infhaighteacht na n-ionsamhlóirí eitilte.<br><br>Ní dheonaítear aon bheart laghdúcháin sa chás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eitilte nó aon ghníomhaíocht ionsamhlóra eitilte déanta ag gach ball foirne eitilte le 90 anuas. | dhéanamh amach maidir leis an meath a d’fhéadfadh a bheith ann i ndáil le hinniúlacht foirne i ngeall ar neamhláithreacht ó chúraimí eitilte.<br><br>Ní mór bearta maolaithe iomchuí a chinneadh agus a chur i bhfeidhm ionas go n-íoslaghdófar na rioscaí a sainaithníodh, agus go mbeidh srian oibríochtúil amháin nó níos mó bailí le haghaidh na foirne eitilte iomláine chun a neamhchosaint ar dhálaí diana a laghdú (e.g. uasteorainneacha trasghaoithe a laghdú, íoschoinníollacha ascnaimh níos airde a thabhairt isteach, srianta a chur i bhfeidhm maidir le cóir dhromchla na rúidbhealaí, seoladh le córas uath-thuirlingthe feidhmiúil, má tá sé suiteáilte). | |
| Iarscríbhinn 6 Cuid 1<br><br>9.4.2.1 | 9.4.2 Taithí dhéanach - píolóta fóirithinte cúrsála<br><br>9.4.2.1 Ní shannfaidh an t-oibreoir píolóta chun gníomhú i gcáil píolóta fóirithinte cúrsála nó ar athraitheach de | Tá beart laghdúcháin 9.4.1.1 oiriúnach chun an beart laghdúcháin i leith phointe 9.4.2.1 a léiriú, mar go ndíríonn sé ar chomhdhéanamh na foirne eitilte ina iomláine. | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | chineál eitleáin ach amháin má tá an méid seo a leanas déanta ag an bpíolóta le 90 lá anuas:<br><br>a) d'oibrigh sé mar phíolóta i gceannas, mar chomhphíolóta nó mar phíolóta fóirithinte cúrsála ar eitleán den chineál céanna; nó<br><br>b) ghlac sé páirt in oiliúint athnuachana eitilte lena n-áirítear nósanna imeachta gnácha, neamhghnácha agus éigeandála a bhaineann go sonrach le heitilt cúrsála ar eitleán den chineál céanna nó in ionsamhlóir eitilte arna fhormheas chun na críche sin, agus chleachtaigh sé nósanna imeachta ascnaimh agus tuirlingthe, i gcás inar féidir na nósanna imeachta ascnaimh agus tuirlingthe a dhéanamh mar an píolóta nach bhfuil ag eitilt an eitleáin. | | | |
| Iarscríbhinn 6 Cuid 1<br><br>9.4.4.1 | 9.4.4 Seiceálacha ar inniúlacht phíolótaí<br><br>9.4.4.1 Maidir le teicnic an phíolótaithe agus an cumas nósanna imeachta éigeandála a chur i gcrích, áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfar iad a sheiceáil ar bhealach a léireoidh inniúlacht an phíolóta ar gach cineál eitleáin nó ar gach athraitheach de chineál eitleáin. I gcás ina ndéanfar an oibríocht faoi rialacha um eitilt de réir uirlisí, áiritheoidh an t-oibreoir go | Tá síneadh 4 mhí curtha ag [an Stát] le bailíocht seiceálacha inniúlachta an oibreora le haghaidh gach píolóta aonair.<br>Má tharlaíonn sé i dtreo dheireadh an tsínte, go measann [an Stát] go bhfuil feidhm fós ag na cúiseanna ar deonaíodh an beart laghdúcháin, féadfar síneadh eile suas le 4 mhí a chur leis an tréimhse bhailíochta. | a). Réasúnaíocht:<br>Mar thoradh ar ráig COVID-19 tá srianta ollmhóra ar thaisteal. Le dúnadh na dteorainneacha idir formhór Bhallstát an Aontais Eorpaigh cuireadh srian le cumas oibreoirí seiceálacha inniúlachta a dhéanamh ar phíolótaí in ionsamhlóir eitilte dhá uair sa bhliain. Ní féidir na seiceálacha a dhéanamh in aerárthach i gcónaí agus i gcásanna áirithe | Maidir leis na deimhnithe agus na ceadúnais arna n-eisiúint ag na Ballstáit, aithnítear na difríochtaí go huathoibríoch ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139.<br><br>Na deimhnithe agus na ceadúnais sin a n-imríonn na bearta sealadacha speisialta tionchar orthu (a bhaineann le COVID-19) arna n-eisiúint ag Stáit nach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | léireofar inniúlacht an phíolóta maidir le comhlíonadh na rialacha sin, le píolóta seiceála de chuid an oibreora nó le hionadaí ó Stát an Oibreora. Déanfar na seiceálacha sin dhá uair laistigh de thréimhse bliana. Aon dá sheiceáil den sórt atá comhchosúil agus a dhéanfar laistigh de thréimhse 4 mhí as a chéile, ní chomhlíonfaidh siad sin ina n-aonar an ceanglas seo.<br><br>*Nóta 1 - Féadfar gléasanna oiliúna ionsamhalta eitilte arna bhformheas ag Stát an Oibreora a úsáid le haghaidh na gcodanna sin de na seiceálacha a bhfuil siad formheasta go sonrach ina leith.*<br><br>*Nóta 2.— Féach* Lámhleabhar na gCritéar maidir le Cáiliú Gléasanna Ionsamhalta Eitilte *(Doic 9625).* | | d'fhéadadh na rioscaí a bheadh leo a bheith níos measa ná na rioscaí a bhaineann leis an mbeart laghdúcháin.<br><br>b) Coinníollacha / maoluithe Ceanglaíonn [An Stát] ar phíolótaí oiliúint athnuachana a dhéanamh, agus measúnú a dhéanamh ina dhiaidh sin, ar bhealach a leagfaidh an t-oibreoir síos, chun a mheas go gcoinneofar an leibhéal eolais is gá chun oibriú mar bhall foirne eitilte. Beidh nósanna imeachta neamhghnácha agus éigeandála atá sonrach don aicme nó don chineál san áireamh sa mheasúnú sin. | Ballstáit den Aontas Eorpach iad, tá feidhm maidir lena mbailíocht a aithint agus maidir le glacadh lena mbailíocht ag Rialachán 452/2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha |
| Iarscríbhinn 6 Cuid 2<br><br>3.9.4.2 | 3.9.4.2 Taithí dhéanach - píolóta i gceannas<br><br>Ní shannfaidh an t-oibreoir píolóta chun gníomhú i gcáil píolóta i gceannas ar eitleán ach amháin má tá ar a laghad trí éirí de thalamh agus trí thuirlingt déanta ag an bpíolóta sin le linn na 90 lá roimhe sin ar eitleán den chineál céanna nó in ionsamhlóir eitilte arna fhormheas chun na críche sin. | Tá beart laghdúcháin 9.4.1.1 oiriúnach chun an beart laghdúcháin i leith phointe 3.9.4.2 a léiriú, mar go ndíríonn sé ar chomhdhéanamh na foirne eitilte ina iomláine. | | |
| Iarscríbhinn 6 | 3.9.4.3 Taithí dhéanach - comhphíolóta | Tá beart laghdúcháin 9.4.1.1 | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cuid 2<br><br>3.9.4.3 | Ní shannfaidh an t-oibreoir comhphíolóta chun rialuithe eitilte eitleáin a oibriú le linn éirí de thalamh agus tuirlingthe ach amháin má tá ar a laghad trí éirí de thalamh agus trí thuirlingt déanta ag an bpíolóta sin ar eitleán den chineál céanna nó in insamhlóir eitilte arna fhormheas chun na críche sin, le linn na 90 lá roimhe sin. | oiriúnach chun an beart laghdúcháin i leith phointe 3.9.4.3 a léiriú, mar go ndíríonn sé ar chomhdhéanamh na foirne eitilte ina iomláine. | | |
| Iarscríbhinn 6 Cuid 3<br><br>7.4.1.1 | 7.4 Cáilíochtaí<br><br>*Nóta - Féach* Lámhleabhar na Nósanna Imeachta maidir le Bunú agus Bainistiú Chóras Ceadúnúcháin Pearsanra an Stáit *(Doic 9379) le haghaidh ábhar treorach ginearálta maidir le cáiliú tras-fhoirne, aerárthach de chineál éagsúla a eitilt, creidmheas a fhaightear ó aerárthach i gcatagóirí eile a eitilt.*<br><br>7.4.1 Taithí dhéanach - píolóta i gceannas agus comhphíolóta<br><br>7.4.1.1 Ní shannfaidh an t-oibreoir píolóta i gceannas nó comhphíolóta chun na rialuithe eitilte a oibriú ar chineál héileacaptair nó ar athraitheach de chineál héileacaptair le linn éirí de thalamh agus | Neamhbhainteach | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | tuirlingthe mura bhfuil an píolóta sin tar éis na rialuithe eitilte a oibriú le linn ar a laghad trí éirí de thalamh agus trí thuirlingt i héileacaptar den chineál céanna nó in insamhlóir eitilte arna fhormheas chun na críche sin, le 90 lá anuas. | | | |
| Iarscríbhinn 6 Cuid 3<br><br>7.4.3.1 | 7.4.3 Seiceálacha ar inniúlacht phíolótaí<br><br>7.4.3.1 Maidir le teicnic an phíolótaithe agus an cumas nósanna imeachta éigeandála a chur i gcrích, áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfar iad a sheiceáil ar bhealach a léireoidh inniúlacht an phíolóta ar gach cineál héileacaptair nó ar gach athraitheach de chineál héileacaptair. I gcás ina ndéanfar an oibríocht faoi rialacha um eitilt de réir uirlisí, áiritheoidh an t-oibreoir go léireofar inniúlacht an phíolóta maidir le comhlíonadh na rialacha sin, le píolóta seiceála de chuid an oibreora nó le hionadaí ó Stát an Oibreora. Déanfar na seiceálacha sin dhá uair laistigh de thréimhse bliana. Aon dá sheiceáil den sórt atá comhchosúil agus a dhéantar laistigh de thréimhse 4 mhí as a chéile, ní chomhlíonfaidh siad sin ina n-aonar an ceanglas seo.<br>*Nóta 1 - Féadfar gléasanna oiliúna ionsamhalta eitilte arna bhformheas ag Stát an Oibreora a úsáid le haghaidh na gcodanna sin de na seiceálacha a bhfuil siad* | Tá síneadh 4 mhí curtha ag [an Stát bailíocht seiceálacha inniúlachta an le haghaidh gach píolóta aonair.<br><br>Má tharlaíonn sé i dtreo dheireadh go measann [an Stát /Stát X,Y,Z] go feidhm fós ag na cúiseanna ar deon beart laghdúcháin, féadfar síneadh le 4 mhí a chur leis an tréimhse bha | a). Réasúnaíocht:<br>Mar thoradh ar ráig COVID-19 tá sri ollmhóra ar thaisteal. Le dúnadh na dteorainneacha idir formhór Bhallst Aontais Eorpaigh cuireadh srian le c oibreoirí seiceálacha inniúlachta a c ar phíolótaí in ionsamhlóir eitilte dh bhliain.<br>Ní féidir na seiceálacha a dhéanam aerárthach i gcónaí agus i gcásanna d'fhéadadh na rioscaí a bheadh leo níos measa ná na rioscaí a bhainear mbeart laghdúcháin.<br><br>b) Coinníollacha/maoluithe<br>Ceanglaíonn [An Stát] ar phíolótaí c athnuachana a dhéanamh, agus me dhéanamh ina dhiaidh sin, ar bheal leagfaidh an t-oibreoir síos, chun a gcoinneofar an leibhéal eolais . is ga oibriú mar bhall foirne eitilte. Beidh imeachta neamhghnácha agus éige atá sonrach don aicme nó don chin áireamh sa mheasúnú sin. | Maidir leis na deimhnithe agus na ceadúnais arna n-eisiúint ag na Ballstáit, aithnítear na difríochtaí go huathoibríoch ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139.<br><br>Na deimhnithe agus na ceadúnais sin a n-imríonn na bearta sealadacha speisialta tionchar orthu (a bhaineann le COVID-19) arna n-eisiúint ag Stáit nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, tá feidhm maidir lena mbailíocht a aithint agus maidir le glacadh lena mbailíocht ag Rialachán 452/2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | *formheasta go sonrach ina leith.*<br><br>*Nóta 2.— Féach* Lámhleabhar na gCritéar Cáilithe Gléasanna Ionsamhalta Eitilte *(Doic 9625)*, Imleabhar II — *Héileacaptair* | | | |
| <u>Iarscríbhinn 1 1.2.9</u> | 1.2.9 Inniúlacht teanga<br><br>1.2.9.1 Go dtí an 2 Samhain 2022, léireoidh píolótaí eitleáin, aerloinge, héileacaptair agus píolótaí aerárthaigh ardúcháin inneallghluaiste rialtóirí aerthráchta agus oibreoirí stáisiúin aerloingseoireachta go bhfuil sé ar a gcumas an teanga a úsáidtear le haghaidh cumarsáid radaiteileafónaíochta a labhairt agus a thuiscint ar an leibhéal a shonraítear sna riachtanais inniúlachta teanga in Iarscríbhinn 1.<br>1.2.9.1. Ón 3 Samhain 2022, léireoidh píolótaí eitleáin, aerloinge, héileacaptair agus píolótaí aerárthaigh ardúcháin inneallghluaiste; cianphíolótaí eitleáin aerloinge, faoileora, rótararthaigh, aerárthaigh ardúcháin inneallghluaiste, nó balúin; rialtóirí aerthráchta; agus oibreoirí stáisiúin aerloingseoireachta go bhfuil sé ar a gcumas an teanga a úsáidtear le haghaidh cumarsáid radaiteileafónaíochta a labhairt agus a thuiscint ar an leibhéal a shonraítear sna riachtanais inniúlachta teanga in Iarscríbhinn 1.<br>*1.2.9.2 Moladh.- Ba cheart é a bheith ar a chumas d'innealtóirí eitilte, agus do phíolótaí faoileora agus balúin an teanga a úsáidtear le haghaidh cumarsáid radaiteileafónaíochta a labhairt agus a* | <u>Tá síneadh 8 mí curtha leis an eatramh don mheastóireacht fhoirmiúil ar inniúlacht teanga a leagann [an Stát] síos, i gcás sealbhóirí ceadúnas eitleáin agus heileacaptair a léiríonn inniúlacht atá faoi bhun Leibhéal an tSaineolaí (Leibhéal 6) agus a bhfuil a bhformhuiniú inniúlachta teanga ag dul in éag.</u><br><br>Tá síneadh 4 mhí curtha leis an eatramh don mheastóireacht fhoirmiúil ar inniúlacht teanga a leagann [an Stát] síos, i gcás Rialtóirí Aerthráchta a bhfuil a bhformhuiniú inniúlachta teanga ag dul in éag.<br><br><u>Má tharlaíonn sé i dtreo dheireadh an tsínte, go mbeidh feidhm fós ag na cúiseanna ar deonaíodh an beart laghdúcháin, féadfar síneadh breise suas le 4 mhí a chur leis an tréimhse bhailíochta.</u> | a) Réasúnaíocht<br>De dheasca ráig COVID-19 tá srianta ollmhóra ar thaisteal agus dúnadh na teorainneacha idir formhór na Stát.<br>Mar thoradh air sin, ní féidir le píolótaí agus Rialtóirí Aerthráchta rochtain tráthúil a fháil ar scrúdú chun a n-inniúlacht teanga a choinneáil.<br>Mar thoradh air sin rachadh a bhformhuiniú inniúlachta teanga in éag.<br><br>b) Coinníollacha/maoluithe<br><br>Ceanglaíonn [an Stát] an méid seo a leanas.<br><br>Ní mór do phíolótaí formhuiniú inniúlachta teanga bailí a bheith acu agus faisnéisiú a bheith faighte acu ó theagascóir a bhfuil na pribhléidí teagaisc ábhartha aige chun athnuachan a dhéanamh ar an leibhéal cumais a éilítear maidir le labhairt agus tuiscint na teanga a úsáidtear le haghaidh cumarsáid radaiteileafónaíochta ionas gur | Maidir leis na deimhnithe agus na ceadúnais arna n-eisiúint ag na Ballstáit, aithnítear na difríochtaí go huathoibríoch ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139.<br><br>Na deimhnithe agus na ceadúnais sin a n-imríonn na bearta sealadacha speisialta tionchar orthu (a bhaineann le COVID-19) arna n-eisiúint ag Stáit nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, tá feidhm maidir lena mbailíocht a aithint agus maidir le glacadh lena mbailíocht ag Rialachán 452/2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | *thuiscint.*<br><br>1.2.9.3 Léireoidh loingseoirí eitilte ar a n-éilítear an radaiteileafón a úsáid ar bord aerárthaigh go bhfuil sé ar a gcumas an teanga úsáidtear le haghaidh cumarsáid radaiteileafónaíochta a labhairt agus a thuiscint.<br><br>*1.2.9.4 Moltaí.- Ba cheart do loingseoirí eitilte ar a n-éilítear an radaiteileafón a úsáid ar bord aerárthaigh a léiriú go bhfuil sé ar a gcumas an teanga a úsáidtear le haghaidh cumarsáid radaiteileafónaíochta a labhairt agus a thuiscint ar an leibhéal a shonraítear sna riachtanais inniúlachta teanga in Iarscríbhinn 1.*<br><br>1.2.9.5 Go dtí an 2 Samhain 2022, déanfar meastóireacht fhoirmiúil ar inniúlacht teanga píolótaí eitleáin, aerloinge, héileacaptair agus píolótaí aerárthaigh ardúcháin inneallghluaiste, rialtóirí aerthráchta agus oibreoirí stáisiúin aerloingseoireachta a léiríonn inniúlacht atá faoi bhun Leibhéal an tSaineolaí (Leibhéal 6) agus déanfar an mheastóireacht sin go tráthrialta i gcomhréir leis an leibhéal inniúlachta atá léirithe ag an duine aonair.<br><br>1.2.9.5 Ón 3 Samhain 2022, déanfar meastóireacht fhoirmiúil ar inniúlacht teanga píolótaí eitleáin, aerloinge, héileacaptair agus píolótaí aerárthaigh ardúcháin inneallghluaiste; cianphíolótaí eitleáin, aerloinge, faoileora, rótararthaigh, aeráthaigh ardúcháin inneallghluaiste nó balúin; rialtóirí aerthráchta; agus oibreoirí stáisiúin aerloingseoireachta a léiríonn inniúlacht atá faoi bhun Leibhéal an tSaineolaí (Leibhéal 6) agus déanfar an mheastóireacht sin go tráthrialta i | | féidir oibriú go sábháilte.<br>Tar éis an faisnéisiú a chur i gcrích go rathúil, déanfar an dáta éaga nua a fhormhuiniú ar an gceadúnas, nó cuirfear doiciméid oifigiúil ar a mbeidh dáta éaga nua, arna eisiúint ag [an Stát], i gceangal leis an gceadúnas.<br><br>Maidir le Rialtóirí Aerthráchta a bhfuil formhuiniú inniúlachta teanga bailí acu, i gcás nach mbeidh Comhlacht Meastóireachta Teanga ar fáil, áiritheoidh na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta go n-áiritheofar an inniúlacht teanga ar bhealach eile e.g cúrsaí ar líne. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | gcomhréir leis an leibhéal inniúlachta atá léirithe ag an duine aonair.<br><br>*1.2.9.6 Moladh.- Go dtí an 2 Samhain 2022, ba cheart meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar inniúlacht teanga píolótaí eitleáin, aerloinge, héileacaptair agus aerárthaigh ardúcháin inneallghluaiste, loingseoirí eitilte ar a n-éilítear an radaiteileafón a úsáid ar bord aerárthaigh, rialtóirí aerthráchta agus oibreoirí stáisiúin aerloingseoireachta a léiríonn leibhéal inniúlachta faoi bhun Leibhéal an tSaineolaí (Leibhéal 6) agus ba cheart an mheastóireacht sin a dhéanamh go tráthrialta i gcomhréir leis an leibhéal inniúlachta atá léirithe ag an duine aonair, mar a leanas:*<br>*a) iad siúd a léireoidh inniúlacht teanga ar an Leibhéal Oibríochtúil (Leibhéal 4) ba cheart meastóireacht a dhéanamh orthu gach trí bliana ar a laghad; agus*<br>*b) iad siúd a léireoidh inniúlacht teanga ar an Ardleibhéal (Leibhéal 5) ba cheart meastóireacht a dhéanamh orthu uair amháin gach sé bliana ar a laghad.*<br><br>*Nóta 1.- Ní gá meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar iarrthóirí a léiríonn inniúlacht teanga ar leibhéal an tsaineolaí, e.g cainteoirí dúchais agus cainteoirí nach cainteoirí dúchais iad ag a bhfuil sár-chumas teanga agus canúint nó blas a thuigeann an pobal aerloingseoireachta idirnáisiúnta.*<br><br>*Nóta 2 - Tagraíonn forálacha 1.2.9 d'Iarscríbhinn 10, Imleabhar II, Caibidil 5, ina sonraítear gur féidir an teanga a úsáidtear sa stáisiún ar an talamh nó an Béarla a úsáid mar an* | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | *teanga le haghaidh cumarsáid radaiteileafónaíochta. Sa chleachtas, dá bhrí sin, beidh cásanna ann nach mbeidh ar bhaill foirne eitilte ach an teanga a labhairt a úsáidtear de ghnáth sa stáisiún ar an talamh.*<br><br>*1.2.9.6 Moladh.- Ón 3 Samhain 2022, ba cheart meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar teanga píolótaí eitleáin, aerloinge, héileacaptair agus aerárthaigh ardúcháin inneallghluaiste; cianphíolótaí eitleáin, aerloinge rótararthaigh, aerárthaigh ardúcháin inneallghluaiste nó balúin; loingseoirí eitilte ar a n-éilítear an radaiteileafón a úsáid ar bord aerárthaigh; rialtóirí aerthráchta; agus oibreoirí stáisiúin aerloingseoireachta a léiríonn inniúlacht atá faoi bhun Leibhéal an tSaineolaí (Leibhéal 6), agus ba cheart an mheastóireacht sin a dhéanamh go tráthrialta i gcomhréir leis an leibhéal inniúlachta atá léirithe ag an duine aonair, mar a leanas:*<br>*a) iad siúd a léiríonn inniúlacht teanga ar an Leibhéal Oibríochtúil (Leibhéal 4) ba cheart meastóireacht a dhéanamh orthu uair amháin gach trí bliana ar a laghad; agus*<br>*b) iad siúd a léiríonn inniúlacht teanga ar an Ardleibhéal (Leibhéal 5) ba cheart meastóireacht a dhéanamh orthu uair amháin gach sé bliana ar a laghad.*<br><br>*Nóta 1.- Ní gá meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar iarrthóirí a léiríonn inniúlacht teanga ar leibhéal an tsaineolaí, e.g cainteoirí dúchais agus cainteoirí nach cainteoirí dúchais iad ag a bhfuil sár-chumas teanga agus canúint nó blas a thuigeann an pobal aerloingseoireachta idirnáisiúnta.* | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | *Nóta 2.- Tagraíonn forálacha 1.2.9 d'Iarscríbhinn 10, Imleabhar II, Caibidil 5, ina sonraítear gur féidir an teanga a úsáidtear sa stáisiún ar an talamh de ghnáth nó an Béarla a úsáid mar an teanga le haghaidh cumarsáid radaiteileafónaíochta.*<br>*Sa chleachtas, dá bhrí sin, beidh cásanna ann nach mbeidh ar bhaill foirne eitilte agus ar bhaill foirne chianda ach eolas a bheith acu ar an teanga a úsáidtear sa stáisiún ar an talamh.* | | | |
| Iarscríbhinn 1 4.2.2. | 4.2.2.2 Ní dhéanfar pribhléidí sealbhóir ceadúnas aerárthaí mar a shonraítear iad in 4.2.2.1 a fheidhmiú ach de réir na gcoinníollacha seo a leanas:<br>c) ar choinníoll, laistigh den 24 mhí roimhe sin, go ndearna an sealbhóir ceadúnais cigireacht nó cothabháil ar aerárthach nó ar chomhpháirteanna aerárthaigh i gcomhréir leis na pribhléidí a dheonaítear leis an gceadúnas atá aige le tréimhse nach lú ná sé mhí, nó go bhfuil an fhoráil maidir le heisiúint ceadúnais lena ngabhann na pribhléidí cuí comhlíonta aige chun sástacht an Údaráis Ceadúnúcháin. | Cuireann [an Stát] síneadh 6 mhí leis an tréimhse "roimhe sin" i.e 30 mí san iomlán a bheidh sa tréimhse roimhe sin. Ní dhéantar athrú ar an taithí dhéanach sé mhí. | Réasúnaíocht<br>Mar thoradh ar ráig COVID-19 tá srianta ollmhóra ar thaisteal. Féadfaidh srianta áitiúla bac a chur ar eagraíochtaí formheasta agus ar bhaill foirne cháilithe a gcomhlíontacht leis na ceanglais a léiriú le haghaidh leanúnachas a ndeimhnithe nó a bpribhléidí laistigh de na teorainneacha ama.<br>Coinníollacha/Maoluithe<br>Ceanglaíonn [An Stát], i gcás ina n-oibríonn an fhoireann deimhniúcháin le heagraíocht chothabhála fhormheasta, go bhféadfaidh an eagraíocht sin an síneadh a chur i bhfeidhm ar na ceanglais atá ar a foireann deimhniúcháin maidir le taithí dhéanach mura bhfuil an eagraíocht fhormheasta sin ar feitheamh i ndáil le | Maidir leis na deimhnithe agus na ceadúnais arna n-eisiúint ag na Ballstáit, aithnítear na difríochtaí go huathoibríoch ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139.<br><br>Na deimhnithe agus na ceadúnais sin a n-imríonn na bearta sealadacha speisialta tionchar orthu (a bhaineann le COVID-19) arna n-eisiúint ag Stáit nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, tá feidhm maidir lena mbailíocht a aithint agus maidir le glacadh lena mbailíocht ag Rialachán 452/2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | fionraíocht, cúlghairm nó teorannú, nó murar chuir an t-údarás inniúil ar fionraí í laistigh de na 24 mhí roimhe sin.<br>Ina theannta sin, le pointe 66.B.500 d'Iarscríbhinn III (Cuid-66) de Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 áirithítear bearta maolaithe breise lena ndéanfaidh an t-údarás inniúil an ceadúnas cothabhála aerárthaí a chur ar fionraí, a shrianadh nó a tharraingt siar má aithnítear go bhfuil sé ina riosca sábháilteachta nó i gcás mhí-iompar an tsealbhóra cheadúnais. | |